



# Eolas do Bhunscoileanna

Is tionscadal é **Scríobh Leabhar** atá urraithe ag **Clár na Leabhar Gaeilge**. Reáchtáiltear an tionscadal i gcomhpháirt le hionaid oideachais éagsúla ar fud na hÉireann. Tugann **Scríobh Leabhar** deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann sé léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun cinn i measc páistí óga.

Déanann na páistí a gcuid leabhar féin a scríobh, a mhaisiú agus a cheangal faoi threoir a múinteoirí. Cuireann an tionscadal an-bhéim ar an bpróiseas scríbhneoireachta féin. Tá an tionscadal an-solúbtha, is féidir le gach páiste sa rang a leabhar féin a scríobh, nó obair lena chéile i ngrúpaí, nó is féidir leis an rang ar fad leabhar a scríobh.

Bíonn dhá rogha ag na páistí maidir leis an gcineál leabhair a scríobhann siad. Is féidir leo leabhar a scríobh de láimh nó is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as aipeanna oideachais ábhartha le cabhrú leis na páistí leabhar digiteach a scríobh más mian leo. Tá liosta aipeanna liteartha curtha ar fáil ag an t**Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí** mar thacaíocht do bhunscoileanna.

Faigheann gach páiste a ghlacann páirt i **Scríobh Leabhar** teastas agus duais.

# Information for Primary Schools

**Scríobh Leabhar** is a project sponsored by **Clár na Leabhar Gaeilge**. The project is organised in partnership with various education centres throughout Ireland. **Scríobh Leabhar** provides primary school students with the opportunity to write, design and publish their own books in Irish. It promotes the reading and writing of Irish amongst young children.

The children write, design and bind their own books under the direction of their teachers. The main focus of the project is the writing process itself. The project is very flexible, each child in the class can write their own book, or work together in groups, or the entire class can write a book.

Children have two options in relation to the type of book they wish to write. Their book can be handwritten or teachers may use relevant educational apps to help the children to write digital books if they wish. The **Professional Development Service for Teachers** have created a list of literacy apps as a support for primary schools.

Each child who participates in **Scríobh Leabhar** receives a certificate and a prize.



Tuilleadh eolais
More information
www.forasnagaeilge.ie/scríobhleabhar

2025-26

# Scríobh Leabhar

## Eolas do Bhunscoileanna

## Information for Primary Schools

Scríobh Leabhar | Clár na Leabhar Gaeilge | Foras na Gaeilge

| Mí<br>Month | Aguisín 1:<br>Ról na nIonad Oideachais | Appendix 1:<br>Role of Education Centres |
|---|---|---|
| Samhain – Nollaig<br>November - December | • Seolann Clár na Leabhar Gaeilge cóipleabhair *Scríobh Leabhar* chuig na hionaid oideachais le roinnt ar na scoileanna rannpháirteacha<br>• Scríobhann na páistí na leabhair (de láimh nó i bhfoirm dhigiteach) | • Clár na Leabhar Gaeilge sends *Scríobh Leabhar* copybooks to the education centres to distribute to the participating schools<br>• The children write the books (handwritten or in digital format) |
| Eanáir<br>January | • Seolann na hionaid oideachais *Scríobh Leabhar - Foirm Éilithe Duaiseanna* chuig Clár na Leabhar Gaeilge leis an eolas seo a leanas:<br>• Líon na mbunscoileanna rannpháirteacha<br>• Líon na bpáistí rannpháirteacha<br>• Líon na leabhar scríofa | • The Education Centres send the *Scríobh Leabhar – Prizes Claim Form* to Clár na Leabhar Gaeilge with the following information:<br>• Number of participating primary schools<br>• Number of participating children<br>• Number of books written |
| Feabhra – Márta<br>February – March | • Seolann Clár na Leabhar Gaeilge na teastais agus na duaiseanna chuig na hionaid oideachais<br>• Seolann na hionaid oideachais na teastais agus na duaiseanna, chuig na bunscoileanna cláraithe le haghaidh na n-ócáidí bronnta | • Clár na Leabhar Gaeilge sends certificates and prizes to the education centres<br>• The education centres distribute the certificates and prizes to the registered primary schools for their award ceremonies |
| Aibreán<br>April | • Reáchtálann na bunscoileanna ócáidí bronnta sa seomra ranga leis na teastais agus na duaiseanna a bhronnadh ar na páistí ag deireadh an tionscadail<br>• Cuireann muid fáilte roimh chuireadh chun freastal ar ócáid bhronnta má oireann sé don scoil agus ag brath ar chúraimí oibre<br>• Roghnaíonn múinteoirí leabhar amháin ó gach rang le cur ar shuíomh Fhoras na Gaeilge | • The primary schools hold their award ceremonies in the classroom to award certificates and prizes to the children at the end of the project<br>• Should it be convenient for the school, we would welcome the opportunity to attend an award ceremony, schedules permitting<br>• Teachers choose one book from each class to be included on Foras na Gaeilge's website |
| Bealtaine<br>May | • Seolann na hionaid oideachais *Scríobh Leabhar - Foirm Éilithe Íocaíochta* agus cóip de na leabhair roghnaithe leis na foirmeacha ceada ábhartha chuig Clár na Leabhar Gaeilge | • The Education Centres send *Scríobh Leabhar – Payment Claim Form* and a copy of the chosen books with the relevant permission forms to Clár na Leabhar Gaeilge |
| Meitheamh<br>June | • Cuireann Clár na Leabhar Gaeilge an maoiniú ar fáil do na hionaid oideachais faoi réir coinníollacha an tionscadail bheith curtha i gcrích go sásúil | • Clár na Leabhar Gaeilge provides funding for the education centres subject to the project conditions being satisfactorily met |
| Meán Fómhair<br>September | • Leabhair roghnaithe foilsithe ar shuíomh Fhoras na Gaeilge | • Chosen books published on Foras na Gaeilge's website |

*Amscála léiritheach*
*Illustrative timeframe*